

Mat. 37 .

Angus Matheson.

MEDIAEVAL AND MODERN IRISH SERIES

Volume IV

CAITHREÍM CELLAIG

EDITED BY

KATHLEEN MULCHRONE

PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE

DUBLIN

1933

Two Shillings



MEDIAEVAL AND MODERN IRISH SERIES

IN order to further the study of Irish literature the Department of Finance has made a special grant to provide for the re-publication of mediaeval and modern texts in a form suitable for class work and for the general reader. At the instance of the Minister for Finance an editorial committee has been formed to direct the work. The members of the committee are : Dr. E. J. Gwynn, Provost of Trinity, Miss Knott, Dr. Bergin, Dr. Best, Professor O'Toole, Mr. Delargy, Dr. Dillon.

It is hoped to supply editions of stories from the Ulster, Fenian and mythological cycles, and of what is best in Irish poetry and prose.

In the matter of editing, uniformity has not been attempted, the different editors being free to adopt the system which they prefer, subject to the approval of the committee. The price of the volumes will not be uniform, as they will vary in size, but it will be kept as low as possible.

Published :—

- Buile Šuibhne, *ed.* J. G. O'Keeffe. 3 6.
Tromdámh Guaire, *ed.* Maud Joynt. 3/-.
Compert Con Culainn and other stories, *ed.* A. G. Van Hamel. 5/-.
Caithréim Cellaig, *ed.* Kathleen Mulchrone. 2/-.

At the press :—

- Desiderius, by Florence Conry, O.F.M., *ed.* T. F. O'Rahilly.
Togail Bruidne Dá Derga, *ed.* Eleanor Knott.
Táin Bó Fraich, *ed.* the late Mary E. Byrne and Myles Dillon.

In preparation :—

- Fled Brierend, *ed.* Michael A. O'Brien.
Tóruigheacht Dhiarmuda agus Ghráinne, *ed.* Éamonn Ó Tuathail.
Táin Bó Cúalnge (Stowe), *ed.* Tomás Ó Máille.

CAITHRÉIM CELLAIG

CAITILÍN NÍ MHAOLCHRÓIN

DO CHUIR I N-EAGAR

BAILE ÁTHA CLIATH
DUBLIN

FOILLSITHE AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE

1933

Dwí Sgilling

RÉAMHRÁDH.

Tá an sgéal fileata seo ar eolas cheana ag sgoiláirí na Gaedhilge ó shaothar Mhic Uí Ghráda (*Silva Gadelica* I 49-65, II 50-69) agus fós ó'n leagan Bhéarla a chuir Sigerson (*Bards of the Gael and the Gall*, pp. 154-9) ar an dá dhán is áilne d'a bhfuil ann, *Mairg thréiges cléirchecht ar cheird agus Is mo chen, a maiden bán!*

Baineann sé le deallramh gurbh i nUibh Fiachrach Muaidhe a céad-ehumadh *Caithréim Cellaig*, áit a rabh ainm an easboig naomhtha seo i mbéalaibh na ndaoine ó'n séú aois anuas go dtí an dara haois déag nó 'na dhiaidh. Tá fhios againn ó údair an Dindshenchais (Rev. Celt. 16. 139. Gwynn, *Metr. Dindsh.* III 414, Lec. p. 492a) agus ó Leabhar Ua bhFiachrach a cuireadh i dtoll a chéile ag Giolla Íosa Mór Mac Fir Bisigh ag deire na ceathrú haoise déag (O'Donovan: *The Genealogies, Tribes and Customs of Hy Fiachrach*, p. 32. Lec. p. 163) go rabh eolas faoi leith ag a lucht comhaimsire ar sgéal Cheallaigh seachas a bhfuil ar fáil ina *Chaithréim*. Níl aon trácht ins na leaganacha atá ar eolas againn-ne ar ainmneacha áiteann mar Tulach na Fairscena, Árd na Feindeada, agus Árd na Maol, a luadhtar (*loc. cit.*) san Dindshenchas agus ag Giolla Íosa Mór.¹

¹ Tulach na Fairscena a bhí mar ainm ar Árd na Riag (l. 846 thíos) i n-allód sul ar riagadh an ceathrar a mharbh Ceallach ann. Ar Árd na Feindeada a dúnmharbhadh é agus ar Árd na Mael atá uaigh an cheathrair, Mael Cróin, Mael Dá Lua, Mael Senaig agus Mael (nó Mac) Deoraid.

Tig linn a rádh dá réir sin go bhfuil bunad stairiúil le *Cathréim Cellaig* cé gur múnluíodh agus gur hathruíodh an sgéal ar go leór bealaigh i mbéalaibh na ndaoine sul ar cuireadh cruth liteardha air. Is cosúil gurab ionann an Ceallach seo againn-ne agus Cellán ó Fiachrach a bhfuil tagairt dó i bh*Féilire Thamhlachta* (9adh aois)², faoi'n chéad lá de Bhealtaine. Bhí an bharúil seo ag an gColgánach (*Acta Sanctor. Hib. 1 Maii*) agus fós ag Thomas Sirinus a chuir Laidean ar leagan Leabhair Dúna Doighre (*Acta Sanctor. Boll. Mai I.*) Acht ní abruítear focal faoi Cheallach ins na hAnnála ná fós ins na Geinealaigh. Mara mbeadh gur sgall ga geal gréine na filíochta air roimh deire na meán-aoise ní mhairfeadh a ainm beó aníú. Bronnadh buadh na síorraíochta air ag an bhfile gan ainm a chéad-chum *Cathréim Cellaig*.

Is léir nár chomhainsirigh Guaire Aidne agus Ceallach. De réir na nAnnála fuair Eogan Bél, athair Cheallaigh, bás i lár na séú haoise³ agus fuair Ciarán, oide Cheallaigh, bás cúig bliana na dhiaidh sin. I lár na seachtú haoise 'sea bhí Guaire 'an Einigh' i gceannas. Fuair sé bás sa mbliain 663 (AU 662)⁴. Bhí eliú agus cáil ar an nGuaire seo sa meán-aois go mór-mhór imeasg na bhfile agus eumadh go leór sgéalta na thaobh (féach Best, *Bibliography of Irish Philology*, pp. 113-4). Ní haon iongna mar sin go geastar linn sa sgéal seo é i dteannta lena luecht comhainsire, Bláthmac mac Aeda Sláine,

² Best: *The Monastery of Tallaght*, Intro. xx.

³ AU 543. Bellum Slicighe ubi cecidit Eugen Bel rex Connacht. Ferggus ⁊ Domnall, duo filii mic Erce, victores erant ⁊ Ainmire mac Setna ⁊ Ninnidh mac Setni.

⁴ Seo é a gheinealach de réir Rawl B 502, 145 g: Guaire Aidne m. Colmain m. Cobthaig m. Gabrain m. Conaill m. Eogain m. Nathi m. Fiachrach m. Echach Mugmedoin.

Marcán mac Cillíne, Nár mac Guaire agus daoine nach iad. Fuintear saol-ré Cheallaigh 7 saol-ré Ghuaire 'na chéile ag an údar i dtreó is nach féidir an bréag fileata aithneachtáil thar an fhirinne stairiúil.

Cé nach dtig linn a chruthú anois mar gheall ar an geaoi athruítear an prós ó chóip go chéile gurbh é údar na ndán a dheachtuigh an *Caithréim* idir phrós agus filíocht 'sé ár mbarúil láidir gurbh é. Cumadh cuid de'n fhilíocht e.g. an dá dhán atá luaidhte againn cheana (*Mairg thréices cléirchecht ar cheird* agus *Is mo chen, a maiten ban*!) ar aon nós, sul ar cumadh an prós a ghabham leo. Castar línte filíochta as an dá dhán seo linn sa bprós ag ll. 309 (=148 de réir ls. B), 420 (=452, 460), 423 (=464), 425 (=467), 517 (=458). Is léir go bhfuair an sgéal greim chó daingean sin ar intinn an fhile i n-éis na dánta áilne seo a bheith cumtha aige gurbh éigin dó leanacht de go dtí go rabh cruth liteardha curtha aige ar an sgéal iomlán. Níl aon aimhreas ná gur múnluíodh an t-ábhar fileata i bfuirm dáin ar dtús agus nach rabh sa bprós acht gléas chun gluaiseacht an sgéil a choinneáil ar siúl ó dhán go chéile. Déanann sé faillighe ar a innseacht dúinn ag deire an sgéil céard a tharla do Mhuireadhach mac Eoghain. An é an chaoi go rabh sé sin ráite 'na iomlán aige cheana san dán fada lena geríoch-nuítear an sgéal (*Fás anocht aitreab Eogain*) agus gur leasc leis a aithinnseacht? D'éirigh leis ar chaoi iongantaigh anam agus anál a chur i gcorpán fuar na staire. Is daoine beo iad a fhir agus a mhná óga. Feithhear dhúinn go bhfuil aithne againn ortha le fada ag léigheamh fútha dúinn. Tá fuinneamh drámach sa sgéal. Bhí tuigsint ag an údar do'n

duine agus grádh aige do 'ehuile fheitide na coille. Mara mbeadh a mhalairt ann acht an chomhacht a bhí aige chun an dúlradh do chur i gcéill dúinn faoi mar a chonnaic sé féin í bheadh a ainm i náirde i stair litríochta na meán-aoise. Acht go dtí go mbeidh muid a n-ann dáta cruinn a chur leis ní thig linn an áit is dual dó a thabhairt dó fiú anháin i stair litríochta na tíre seo.

Má chuirimid an *Caithréim* i coimhmheas le *Tromdámh Guaire*⁵ feicimid gur sinc é ná an *Tromdámh*. Acht le h-aghaidh sin a chruthú caithfidh an leagan is sine d'a bhfuil againn de'n *Chaithréim*, sé sin le rádh, an leagan as an Lebor Brece (B) a tharraingt chugainn. Maidir leis an leagan atá i geló agam-sa annseo (Y féach thíos) nua-leagan a cuireadh ar an tseansgéal i rith na ceathrú haoise déag atá ann. Tá athrú déanta ag údar an nua-leagain ar an dteangain thríd síos le go mbeadh an *Caithréim* so-thuigseanach dá lucht comhaimsire. Seo é an chaoi a n-athruítear na fuirneacha atá sa Lebor Brece (féach *variae lectiones*, p. 33 ff. thíos). Ní tugtar acht beagán soluídí díbh annseo).

(a) An briathar : *ba* B > *roba* Y ; *boí* B > *do bí* Y ; *a mbátar* B > *mar do bádar* Y ; *co mbátar* B > *co rabadar* Y ; *airm i mboí* B > *airm i raibi* Y ; *cáinis* B > *do cháin* Y ; *atbert* B > *adubairt* Y ; *no comaillead* B > *do comaillead* Y ; *no bíd* B > *do bíd* Y ; l. 451 *co n-etha* B > *co n-eathair* Y ; *do ansat-som* B > *do ansadar* Y ; *do airgset* B > *do airgeadar* Y ; *ac décsin* B > *ag déchain* Y ; *atbathatar* B > *do eibledar* Y etc. ; *ol* B > *ar* Y ; *olchena* B > *archena* Y.

(b) An t-ainm : *in n-ethar* (acc.) B > *ant eathar*

⁵ Ed. Joynt. Mediaeval and Modern Irish Series II.

Y; *in muic* (acc.) B > *an muc* Y; *a dí láim* B > *a dá láim* Y etc.

(c) An réamhfhocal: *fri, la, tre* B > *re* Y; *for* B > *ar* Y; *im* B > *ma* Y; *for Connachtu* B > *for Connachtaib* Y; *re haithescu* B > *re haitheascaib* Y; *for crandú* B > *ar crandaib* Y etc.

(d) An forainm láir: *dosbérat* B > *dobérad* Y; *rom uaimniges* B > *ro uaimniges* Y; *nim tucsad* B > *nocho tucsad* Y; *conosfuair na codlad hí* B > *fuair na codlad hí* Y; *nisfil* B > *ni fil* Y; *dosbér* B > *dobér* Y; *rodmarb* B > *ro marb é* Y; *rot marb* (rel.) *Cellach* B > *do marb Cellach* Y.

De réir B tá an *Caithréim* níos ársa ná an *Tromdámh* i níos mó ná aon phuinnte amháin atá an-tabhaechtach ar fad le haghaidh dáta a chruthú. Tá an forainm láir go teann ann fós (tá soluídí eile le fáil fiú amháin san nua-leagan ll. 506, 571, 643, 718, 720 thíos). Ní bhfuair Maud Joynt acht aon fhorainm láir amháin roimpi san *Tromdámh* ag cur an téacs i n-eagar dí. Níl *Caithréim Cellaig* ainmnighthe i liosta na gCaithréimeann atá i Lebor Laighech (ca. 1160) agus cé nach féidir feidhm a bhaint as seo mar chruthú ar a dháta baineann sé le deallramh nár cumadh roimh deire na dara haoise déag é.

Seo é snáithe na staire faoi mar a n-innsítear ag an gCéitinneach é. Ní léir cioca de'n dá leagan de'n *Caithréim* a bhí aige.

“Is i bhflaitheas Tuathail fós do ghabh Guaire mac Colmáin ceannas Connacht i ndiaidh Eoghain Béal; agus tarla an tráth soin an mac fá sine ag Eoghan 'na dhalta foghluma ag Ciarán ar tí bheith 'na mhanach. Ceallach fá hainm dó, agus bréagthar

lé caraid Eoghain a coimhthionól Chiaráin é ré ceannas feadhna do dhéanamh orra féin i n-aghaidh Ghuaire. Gidheadh ar dtigheacht amach do Cheallach, thug Ciarán a mhallacht dó, is iarrais ar Dhia bás foiréigneach da bhreith. Ar mbeith iomorro sealad mar sin dó, do thuig gurab ole do rinne míréir Chiaráin do dhéanamh. Agus téid d'fhios an naoimh Chiaráin 7 ciontuighis é féin dó, agus geallais go n-anfadh ar a thoil feadh a ré. Tug Ciarán a bheannacht dó; gidheadh adubhairt gurab bás foiréigneach do bhéaradh é. Anais Ceallach san choimhthionól ó shoin amach, go ndearnadh a gcionn aimsire caspog dhe, agus ar mbeith na caspog san tír dhó, do bhí ag déanamh rannta 7 carad do dhearbhráthair fa hóige ioná é féin, i ndóigh go roichfeadh leis ríoghacht Chonnacht do bhuain amach dhó; agus ara chlos soin do Ghuaire ollmhuightheas leis triúr (*recte* ceathrar) do mhuinntir dhílis Cheallaigh féin; gur marbhadh leo é; gonadh mar sin do fíoradh an tuar do rinne Ciarán dó, mar do thairrngir gurab bás foiréigneach do ghéabhadh Ceallach.” (*Forus Feasa* III 53).

NA LÁIMHSGRÍBHINNÍ.

B. RIA., Lebor Brece nó Lebor Mór Dúna Daighre (Hodges and Smith Collection 224) 10 ff. (= Faes. col. 272b—7). Do haithsgríobhadh an ls. seo roimh an mbliain 1411. Tá cuma níos seanda ar an leagan seo de'n *Chaithréim* ná ar cheann ar bith eile acht tá an téacs chomh truaillithe sin i n-áiteacha gur deacair ciall a bhaint as. Chuir Standish Hayes O'Grady eagar air sa *Silva Gadelica* I 49-65 agus fós leagan Béarla (*ibid.* II 50-69). Tá leagan Laidne le fáil ó láimh Thomas Sirinus i n-*Ann. Sancto. Boll.* Mai I 106-10 (ed. 1866). Thug Mac Uí Ghráda “Betha Chellaig” mar ainm ar an sgéal acht fágadh gan ainm é ins an ls. Tá sliocht as saothar Mhíe Uí Gráda i geló ag Dottin, *Manuel d'Irlandais moyen*, pp. 135-51.

C. Bruxelles, Bibliothèque royale, 2324-40, 53v-59. Ní rabh sé ar mo chumas an ls. seo ó láimh Mhíchil Uí Chléirigh do sgrúduithe acht innsíonn sé féin dúinn nach bhfuil innte acht cóip de B. “I mainistir na mbrathar i Cinel Feichin ro seríobh an brathair bocht Michel O Cleirigh an teclamadh seo labhrus ar Cheallach arna teclamadh as stair labhrus ar coccadh Connacht as in leabur da ngoirter Leabhar Dhúna Doighre, 3 October 1629.” Thug Mac Uí Chléirigh “Beatha Ceallaig escoip oeus a martra” ar an sgéal. D'fhág sé tosach agus deire an sgéil amuigh ar fad agus d'athruigh sé fiú amháin na

focla amannta. Féach Rev. Celt. 16 91-4 áit a bhfuil C curtha i gcoimhmheas le saothar Mhic Uí Ghráda agus le B (Faes.) ag Kuno Meyer.

F. RIA., Liber Flavus Fergusiorum (15adh aois, ca. 1440) 17 (19)^vb 1. Is nua-leagan de'n *Chaithréim* é seo. Téigheann sé le Y i n-aghaidh B. Féach *Catalogue of Irish Mss. in the Royal Irish Academy*, p. 1268. "Beatha Cheallaigh" a tugtar air sa ls.

Y. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath, Philipps Collection 8214, col. 982 ff. Sliocht as YBL (Leabhar Buidhe Leacain TCD) atá san láimhsgríbhinn seo. (Féach *National Library of Ireland. Report of the Council of Trustees for 1930-1*, 16). Do haithsgríobhadh YBL ca. 1390. Baincann sé le deallramh gurbh é Brian Dorecha mae Seumois meic Fir Bisigh a d'aithsgríobh *Caithréim Cellaig*. Cf. YBL 170, áit a bhfuil ainm Bhriain curtha leis.

Bhaineas an leagan de *Chaithréim Cellaig* atá i geló agam thíos as an ls. seo. Is nua-leagan a cuireadh ar an sgéal i rith na ceathrú haoise déag é. Cé gur sine Y ná B is óige leagan Y ná leagan B.

Maidir leis an ngaol atá idir na lss. seo is léir *indefer de* ó'n méid atá ráite thuas nach bhfuil C nea-spleách acht amháin áit a bhfuil B doléighte iniú, go mór-mhór ar imeall an leathanaigh. Is mór an gar dúinn go bhfuil cóip de B againn ó'n seachtú aois déag nuair a bhí B soléighte.

Tá baint cho dlúth sin idir F agus Y (áit nach n-abruítear focal faoi F ins na *variae lectiones* tuigtear gurab ionann léigheamh do F agus do Y) gur léir

ar an gcéad amharc gurab ionann leagan dóibh. Acht ce'n gaol atá eatorra ?

Ní féidir gur haithsgriobhadh F as Y mar coinníonn F go minic leagan bunúsach focail atá athruithe ag Y (féach *variae lectiones* thíos, ll. 45, 46, 50, 61, 66, 70, 74, 78, 79, 80, 82, 89, 111, 123, 177, 221, 243, 246, 326, 404, etc.).

Agus ní féidir acht oiread gur haithsgriobhadh Y as F óir is sine de leith-chéad bliain, nach mór, Y ná F. Ina theannta sin tá cuid de'n fhilíocht atá i Y ar iarra i F.

Fágann sin gur chin F agus Y ó'n mbunsgríbhinn chéanna (*y*). Bí cruth faoi leith ar *y* seachas B gan aon aimhreas. Féach na *variae lectiones* thíos, ll. 1, 3, 4, 6 *et passim*. Nua-leagan de'n *Chaithréim* atá i *y*.

Má fhéachaimid go grinn ar na malairteacha leagain a bhfuilimid ag tagairt dóibh tuigimid go réidh nach féidir le B cineadh ó *y* mar coinníonn B i gcomhnuí an leagan focail is sine. Tá ll. 432-5, 588-91 thíos ar iarra i *y* (FY) cé go mbaineann siad leis an mbun-sgéal.


Níor chin *y* ó B acht oiread mar is óige B ná *y* (Y). Thairis sin tá ll. 919-22 ar iarra i B.

Tig linn a rádh dá réir sin gur chin *y* agus B ó bhunsgríbhinn áirithe a dtiubhramid *x* uirthi.

An ionann *x* agus téacs bunaidh an *Chaithréim* ? Is deacair a bheith cinnte faoi seo. Tá deire an sgéil, an prós ba cheart a theacht roimh an dán *Fás anocht aitreab Eogain* (l. 915 thíos), ar iarra i *y* agus i B. Tugann sgríobhaí B an uireasa faoi deara ; deir sé nach bhfuair sé deire an sgéil roimhe san ls. (féach v.l. faoi l. 914). Am éigin i n-éis an sgéal a bheith aithsgriobhtha aige fuair sé i ls. eile (nó chum

sé as a stuaim féin) deire an sgéil agus sgríobh sé an t-alt seo síos ag bun an leathanaigh ar bhain sé leis (féach an nóta thíos ag bun p. 28). Má táimid ar aigne nach bhfuil san aguisín seo aacht giota nuachcaptha a cuireadh leis an sgéal ag an sgríobhaí féin—ar ndó níl tada ann nach bhféadfadh sé bhaint as an dán a thagas na dhiaidh—eithfimid admháil gurab ionann x agus an *Caithréim* bunaidh (O).

Ag seo geinealach na láimhsgríbhinní faoi mar tá sé cruthaithe agam thuas.



Ní féidir an téacs bunaidh do chruthú go fóill. Tá B ro-lochtach chuige sin. Ní ehuirim róm annseo aacht cóip mhaith de leagan y do chur ar fáil do'n léightheóir. Leanaim go dlúth de'n ls. Y. Athrú ar bith a déantar san téacs tá réaltóg le n-a chois 7 gach colas faoi ins na *variae lectiones* taobh thiar sa leabhar. Cuirim isteach comharthaí séimhithe (idir crúcaí) má tá siad ar iarra san ls. Cuireadh comharthaí séimhithe le B ag duine eile seachas an sgríobhaí. Bhaineas feidhm as h beag bídeach ins na *variae lectiones* le go bhféadfaí na comharthaí seo aithneachtáil thar na cinn bhunaidh ó láimh sgríobhaí B. Tais-

beánann an macron go bhfuil an síneadh fada ar iarra i 'ehuile chóip de'n téacs. Áit a bhfuil iodáil-eacha le feiceál tá giorrachán éicint ar an bhfocal faoi mar a fuaras róm san ls. é.

Bheirim mo bhuidheachas do'n Aimhircíneach a chuir ar an eolas mé faoi phuinntí áirithe san téacs 7 d'Eleanor Knott a léigh fromhtha an leabhráin seo.

CAITHRĒIM CELLAIG MEIC EŌGAIN BĒL ANNSO.

(Col. 982) Rí airrdire āgmar uasal ro gab airdrīgi
cūigid C[h]onnacht .i. Eōgan Bēl mac Ceallaig
meic Oilella Muilt meic Dathí meic Fiachrach. Ro
airgead gach cūicead i nÉrinn ⁊ ticead go buadach
⁊ a c[h]reach leis ; ⁊ nī beirt[he]a creach [uad] asa 5
c[h]ūicead uair dobeirid-som maidm ar gach creich
ara mbeircad ana chrīch fēin, ⁊ in n-uair nach beirid
ar an creich donīthea creach laisem an lā sain ar an
tīr a mbeirthea a c[h]reach. Cid trā acht, bad
riaraig dō Muimnig ⁊ Laignig, ⁊ donīdis tuilleam 10
buidi ris ar mbreith a mbuair co menic [dā n-aindeōin]
uathuib.

Acht āennī, tarrla coinflikt mōr ⁊ cocad aingid
īter Eōgan ⁊ Clanna Nēill co rabadar an dā c[h]ūigead
a cend a c[h]ēili .i. cūigead Connacht ⁊ cūigead Ulad ; 15
⁊ nība c[h]oimlín a ndālta uair nīr brisead cath ar
Eōgan Bēl riam ⁊ nīr benad a chreach dā aindeōin
de ⁊ nī buil uimir ehindti ara mence donīthe creacha 1^h
leis ar Conall ⁊ ar Eōg[an] ⁊ ar Oirgialla uair nī
dēnta én lá síthe[h]lāna leis gén ba beō acht a creachad* 20
cacha mís ⁊ gacha rāithi ⁊ a cur fo gin gāi ⁊ elaidim,
⁊ ba creach ⁊ ba neim le Clannaib Nēill beith ie
fulang gach anbfhorrāin dā n-imread Eōgan ⁊ Clanna
Fiachrach ⁊ Connachta are[h]ena forra. Conad ī
comarle dorōnsad, [.i.] cūicead Ulad, tinōl mōr ⁊ 25
creachs[h]luaigead do mōrad ⁊ crīch Connacht
d'indsaige.

* *gion s. seana* the month, the point^A
or edge of a sword.

Dā rīg (983) do bādar ar Ulltaib .i. Fergus ⁊ Domnall, dā rīg Conaill ⁊ Eōgain, ⁊ dorōnsad crecha
 30 mōra for Connachtaib ⁊ do gabsad buar imda ⁊
 do airgeadar rompu co Muaid co lēir lānghrind, ⁊
 is ead do bādar .u. catha do s[h]ochraidī ag dēnam
 na creach sin, ⁊ ro tincad co dian dāsachtach forro ō
 gasraigib* Clainne Fiachrach arc[h]ena ⁊ C[h]onnacht

35 ⁊ gērb cad nír beanad hó dā n-aindeōin díb ⁊ nír
 māelad fortho car an c[h]āemlāe chaidechi nō co rug
 lucht tigi Eōgain fortho ag Drochad Martra ⁊ do
 f[h]āsadar sin deabaid díchra forro [nō co ruc Eōgan
 fēn forru beōs] ie Sgeithín na Gaithi ⁊ ō'de[h]onnaire
 40 Eōgan in tsochraidī mōr do c[h]uir techta do lucht
 ēigsi ⁊ caladan uad co Fergus ⁊ co Domnall ⁊ co
 maithib an chúicid archena dā rád riu in c[h]rech do
 f[h]āgbāil ⁊ imt[h]eacht dia tigib ⁊ muna dēndais sin
 cath d'f[h]uagra ac[h]étōir forra. Co tāncadar na
 45 teachta sin co hairm a roibi Domnall ⁊ Fergus ⁊
 maithi Ulad archena ⁊ do sloindead dōib aitheasca
 Eōgain Bēl ⁊ nír f[h]āemsad aisiuc* eitir ⁊ rop ēimeach
 suilbir iad do chur an chatha uair do bādar co
 mōraigeantach līnmar ⁊ a creach rompo. Cūig
 50 catha Clainne Néill ⁊ Airgialla ⁊ Ulaid and sin. Aen
 c[h]ath mōr maith Clainne Fiachrach ⁊ dīrmada
 do gasraigib an c[h]ūigid [archena] ma Eōgan Bēl
 mac Ceallaig meic Oilell[a] Muilt and sin.

Toirrlingis Eōgan ie ēisteacht re haitheascaib
 55 a f[h]ilead ō C[h]lannaib Néill an uair sin. Do
 indiscadar dó comad cath cindti a coma don turus
 sin ⁊ nach fuighead āenbō ar aba an chatha do chur.
 Cid trā acht, do ēideadar Connachta iad ⁊ do indsaig-
 edar Clanna Néill co hoband ēsgaid ainiarmartach.
 60 Ō'de[h]onnecadar-sein onchū Eōgain ⁊ na meirgcada
 ruc [a] creach[a] co minic roime uathuib do indtōadar
 ⁊ do grāinsedar ⁊ do chrithnaigedar dochum a

Hand, the
 Roy river

"not a sword
 was killed
 on them" 03

beconf
 wady

condition

the
 standard

Acht āennī chena' tângadar Clanna Fiachrach
 mar do theagaise Eōgan Bēl dōib dul co Cluain meic
 100 Nōis co hairm a roibi nāemC[h]iarān ōgh oirrdere
 n-indti 7 ō rāngadar co hairm a mbaī Ciarān ferais
 Ciarán fāilti riu 7 cuiris a teach leaptha iad 7 ro
 fresdlad co maith iad an aidehi sin 7 do indisedar
 do Chiarān na tosea ima tângadar 7 nīr f[h]āem a[n]
 105 nāem *itir* a dalta do lēigean uada leō. Cumsgaidid
 na tuatada 7 ō nār f[h]āem do ansadar an darna
 hadhaig i Cluain 7 tāinic in macāem .i. Ccallach ar
 euairt c[h]uen 7 do aigleadar hē. Do guidedar 7
 do hataigedar nō gur f[h]āem dul leō 7 do imt[h]ig
 110 leō arnamárach can chedugad 7 gan cheileabrad dā
 oidi *itir* 7 do himairgead hē 7 do hindisead do
 nāemC[h]iarán sen .i. a dalta d'élód uad can a chedu-
 gad.

Abi. 1000000
 115 Mā do imid*, ar Ciarān, 'nírab soraid dō
 in raga rug 7 berid leis mallachtain leisin comairli
 dorigni 7 curab drochdiach beris fo deōigh 7 gura[b]
 bás do rind nos bera 7 fācba[i]m fōs a huecht mo
 T[h]igerna [.i.] rī* nime 7 talman gach āen f[h]uigfes
 a lēigeand chaidhehi gurab bās do rind bereas can
 120 chabair can c[h]junntabairt dō.'

Dāla Cellaig imorro beraid Clanna Fiachrach
 leō hē 7 tuesad rīgi Ō Fiachrach dō .i. ō Rōdba co
 Códnaig 7 baí-sen seal indti mar sin 7 nība s[h]āim
 lais *itir* a beatha ō'de[h]ualaid a oidi dā easgaine.

125 Is amlaid do bī Guaire mac Colmáin ar n-ēirge a
 nōis ann sin 7 a einig fo Érinne 7 Hí Fiachrach Aidne*
 aigi ar ferannus 7 nīr maith *itir* caturru ac[h]c̄dōir ana
 ferannus 7 do fes forro gorbo f[h]uath leō a chéli 7
 gērb ead dorōnsad coindi 7 comdāil 7 do s[h]idaigidar
 130 rē c[h]éli 7 gērb* ead do bī cealg a cuid Guaire don
 tsīth uair do rug ar Ceallach ann 7 do marb uli
 an neoch ara rue do muindtir C[h]eallaig ann 7

dochuaid fēin ⁊ trī nōnbair dā muintir fā láim ar teithead asin longp[h]urt amach.

Dāla Ceallaig do bī bliadain fo chaill asa haithle 135
sin nó gur gab toirrsi mōr hé ⁊ aithrech as ima lēigeand
d'f[h]āgbāil ⁊ ma thuilleam na hesgaine [dorōine
Ciarān fair] ⁊ dorōine cōlehaire mōr ann ag aifeas
imaifeas air fēin ⁊ ara doilgi leis an e[h]omairle tarrla
dō. 140

‘Et is maing dam-sa,’ ar sē, ‘do tarrla an e[h]o-
mairli dār t[h]rēigius mo léigind ⁊ mo nāemoidi ar
t[h]juatacht* an tsāegail dimbuain truaig sea.’

Et adbert an laīdh sea ann :

‘Maing t[h]rēiges clēirhecht ar cheird 145
do cheirdib an domain deirg—
maing t[h]rēiges ragrād Dé dil
ar rīgi an domain duthain !

‘Maing gabas armu ar bith ché,
muna derna aithrige ; 150
ferr do neoch liubair bāna
lesa* ngabar salmthrátha.*

‘Acht gid maith an e[h]eird gaisid, *trancel, toil; much*
beg tuillim* [is] mōr n-aistir ; *toil*
betha bithsheng bethar de, 155
dagabtar ifern eisti.

destruction; a welshed trade
beg, siblach
‘Dibad ceirdi cerd gaidi
silua loingtheach luathbraiti ; *avaricious*
acht gid maith in tē* donī,
dara [h]ēisi is drochduini. 160

‘Is mōr da gach [ule]* dīb sin
donī Ceallach mac Eōgain ;
seachnōn Cera* ceirn a ceirn ** cheim do cheim; Co nre*
dorigni[u]s re drocheeithirnn.

= *etsad*

- 165 'Ncam nāemda, ^{*}itsad^{*} na nāem,
 ar ifernn ndub ndore[h]a ndāer,
 a C[h]ríst, a C[h]oimsig na treas.
 an mórC[h]oimdi is mairg t[h]régeas. M.

- A haithli an aithreachais mōir sin do gab Cellach
 170 is ī comairli dorōine imt[h]echt [ɣ] na trī nōnbair
 do bī ina f[h]ochair arin c[h]ogad co hairm a raibi
 a oidi .i. Ciarán Cluana. Rob ēdāna leis(985)-sium
^{* to affluence} tāch re Ciarán arna aimrēir roime ɣ do f[h]uirig
 allamuig don baili nó co fuair dream dā c[h]omaltaib
 175 ɣ do c[h]lēireib Ciaráin allamuig do C[h]luain hē ɣ
 do f[h]eradar sin fāilti fris ɣ do phócsadar hé ɣ tainig
 isin mbaili leō sin ɣ ro baī an aidehi sin ann can
 f[h]is do C[h]iarán ɣ tainig maithi an [t]sámaid^{*} leis
 arnamārach co hairm a roibi Ciarán d'iarraid sítha
 180 ɣ trōcaire air ɣ do s[h]lēcht dā oidi and ɣ gēr mōr
 móid C[h]iaráin ris do f[h]āem a s[h]ith ɣ rob aithreach
 leis an escaine dorindi [fair]:

- 'Et a meic,' ar sē, 'dā fēdaind-sea do c[h]uirfind
 in esgaine ar cúla ɣ ō nach fēdaim nārab mesdi
 185 Dia rít-su hí ɣ nārab lugaidi th'inad ar nim a dénam
 dam.'

- Is and sin táinig rath an Sbiraid Naīm ɣ grád
 05. *amail*: an C[h]oimdead a Ceallach nís mō nā ^{as}amar do bī
 roime ɣ adubairt ris na trī nōnbaraib do bī 'na f[h]o-
 190 chair do C[h]lannaib Fiachrach imt[h]eacht rompu
 a[s] sin co hairm a roibi Muireadach a derbrāthair
 [-sium]. Et is ann do bī an macām óg a taig a
 oidi .i. Eōgan [rī] Luigni.

- 'Et bidhe 'na f[h]arrad,' ar Cellach, 'ɣ lenaid de
 195 gach airm ɣ gach conar rachas.' *Fut 3 ss. rel. of text*

Do imtedar rompo mar da thegaisc Ceallach dōib
 ɣ do bādar 'na muindtir ag Muireadach co fada dā
 ēisi.

* *sámhadh, union, reunion, (religious) community*

✓

Inthúsa Ceallaig imorro do c[h]rom a c[h]eand
 dochum a f[h]oglama co díchra 7 do bī ag dēnam 200
 a lēigind co sēidreach frichnamach 7 gach biseach
 do bīd ara lēigeand do bīd a trī choibis sin ara
 c[h]rābad 7 ara déire 7 ara geannmaigeacht 7 ara
 ili deighbēsaib arc[h]eana et do ēirig a chlū 7 a c[h]rā-
 bad and sein 7 tucad cāch uili comgrād dō 7 robu 205
 buideach a oidi Ciarán de co mōr uair do bī do rēir a
 c[h]omairle 7 a t[h]eagaise 7 tue[ad] grād[a] sagairt
 fair 7 do bī mana grādaib sin co cend athaid. Ar sin
 tāncadar clēirig a aireachta fēin 7 a t[h]iri dūthchais
 c[h]uigi 7 do t[h]ogadar hē doe[h]um espocóide 7 210
 tucad grāda espoic fair 7 Ceall Alaid tucad do chathair
 espoic dō. Do thathaigead in espocóidi mar sin 7 is
 minci do bīd a Cluain [meic Nōis] nā 'na f[h]aireche
 fēin 7 nī roibi i n nĒrinn and sin āenduine robo t[h]err
 clū einig 7 crābaid 7 nīme 7 clēireheachta [nās ē] 7 is 215
 ē āenduine roba s[h]ithamla 7 risar nō grād āesa
 heladan .i. sgēlaigeachta 7 āes gacha hoirfidid arc[h]ena.
 Do bīd mōrān do daīnib 'na lenmain. ✓

Feacht n-āen ann táinig mares[h]luag mōr do
 chlēirhib ar cuairt espocóidi co rāinig co Cill Mōir 220
 Muaidi. Is and sin tarrla Guaire [mac Colmāin]
 an lā sin a nDurlus co mōrān do āes grāda marāen riss.
 Do bī Nār mac Guaire a mac fēin ina f[h]ochair ann
 7 Nemead mac Fīr Choctha* dalta neimēlach do
 Guaire. Adubairt-sein re Guaire : 225

'Is nemmuinterdha dochuaid Ceallach ant espoc
 seochaind.'

* It matters not. 'Cum[a] ō[n],' ar Guaire. 'Cuirfed-sa techta
 c[h]uigi dā rād ris techt dom agallaim,' ar sē.

Faīdis fer dia muintir co hairm a roibi Ceallach 230
 7 nóin an[t] S[h]athairn* do s[h]undrad in aimser sin
 7 gērb ead* adbert an fer sin :

* ? to be precise ; ? = O.G. *Seinned*, in *Seinned*, *specificity* ;
 Mod.G. *Seinnodh*. ; Gc. *gu Seinnodh*.

= *displeased, dissatisfied*

‘Is dimgach Guaire dīd ar t[h]echt seach[a] 7 tarr
anois uaid dā agallaim.’

- 235 ‘Nī rach *itir*,’ ar Cellach, ‘is trāth easpartan
ann 7 adaig Domnaig 7 nī dēnaim-si tairimt[h]echt
Domnaig. Acht dogēn m’easpart[a] 7 mo thrātha isin
c[h]ill-si 7 dodēn aifrind an Domnaig amārach 7
mād āil leiseam tigead d’ēisdecht risin n-aifrind
240 7 do c[h]omrād rim-sa uair is gairid uada 7 minab
āil rachad-sa Dia Luain dā agallaim (986) eo hairm
a mbia mād hāil leis.’

- Ar sein imthighis an techtaire arīs eo hairm a
roib Guaire 7 nī hiad na haitheasca adubairt Cellach
245 ro hindis do Guaire 7 adubairt eo fēimid Ceallach
techt leis 7 go fes fair nach raibi grād Guairi [itir] a
Cellach. Doe[h]uaid ferg mōr ann sin a nGuaire 7
adubairt risin techtaire :

- h t. i. g. i. v.
250 ‘Eirid co Cellach 7 fuagair dō in ferand sa
d’f[h]āgbāil 7 muna fāgba anocht fēin an cill a fuil
loisefigthir ’na c[h]end hī 7 muirfidthir cona muintir
uili hē.’

Ar sin tēid an techtaire cētna eo Cellach 7 gērba
head nīr c[h]eil a beag fair aitheasca Guairi.

- 255 ‘Dia cadrum-sa 7 int ainfīrinneach,’* bar Ceallach.

- Et gērb ead nīr f[h]āgaib an baili co tāinig Luan
7 dochuaid aindsēin siar eo rāinig oirer Locha Con
7 do bī agaig and sein 7 rāinig as co Loeh Clāen risa
rāiter Clāenloch andiu 7 do bī ag dēchain an lacha
260 7 ade[h]onaire oilén uada imach .i. oilēn Édgair*
7 tarfás dō timt[h]ireacht na n-aingeal co mōr ōs*
eind an oilēin 7 doe[h]uaid ind asa haithli 7 do f[h]iar-
faid an roibi beandachud naīm indti 7 adrubadar-san
nach roibi beandachad naīm indti riam.

- hermit's life
265 ‘Is fīr sin ām,’ ar Ceallach, ‘is indti atā a ndān
dam-sa dithromacht do dénam 7 mo nāemud indti.’

Et do bādar a muindter ag fanámad uime ⁊ ica dīmolad [do] s[m]uaintiugad* anta isin ailēn.

‘Is cindti anad dam-sa and so,’ bar Ceallach, ‘⁊ imt[h]igid-si romaib uair* is imda inad maith 270 agaib am espocōidi.’

Et is ed sin dorōnsad ⁊ ro fācad Cellach and sin ⁊ nīr an ’na f[h]ochair acht an ceathrar do c[h]léirchib óga .i. Māel Cróin ⁊ Māel Dā Lua* ⁊ Māel Senaig* ⁊ Mac Deōraid.* Do bādar ann sein car an C[h]orgais ag dēnam a trāth ⁊ a n-urnnaigthi ⁊ [dō] hoirdearcaigthe ar fud Ērenn uili Ceallach mac Eōgain do beith i ndithrub ar fāgbāil [a] easpocōide dō ⁊ tāinig trāth na Cāsc and sin ⁊ do bī Muireadach ag tathaigi co minic c[h]uigi ⁊ nī dénad ācnnī acht do rēir a 280 c[h]omairli.

Ade[h]uala Guaire eisein ⁊ ro līn* ferg ⁊ mōrmis- cais C[h]ellaig hē ⁊ gērb ole reimi eatorra robo measa dā ēisi ōr ba lāneagail leis rīgi do gabāil do Muireadach mac Eōgain re t[h]eagasc Ceallaig ⁊ re f[h]eabas fēin 285 ⁊ ar[a] méd ro tuigead cor[b] adbar rīg Connacht hē ⁊ do bīd Nār mac Guaire ⁊ Neimead mac Fir Choetha ag[a] urāil ar Guaire gan anad co brāth do Cheallach do marbad. Do bīdis ag indisin brēg ⁊ mīscēl ⁊ t[h]us uatha fēin iter lā ⁊ aidechi do Guaire i[n]das cur 290 c[h]umadar* eaturra Ceallach do thocuired chucu ⁊* [neim] do dénam fo c[h]omair C[h]ellaig uair gēr [fh]uath le Guaire Ceallach nīrb āil leis airm d’imbirt ’na f[h]iadnaisi fair. Is amlaid sin dorōnsad ⁊ dorignead hī fa c[h]omair C[h]ellaig ⁊ docuired 295 teachta [a]ra c[h]end co hOileān Édgair* for Loch Con ⁊ ro haithnead díb dā fāemad Cellach teacht dochum na fleidi a rād le ceithri daltaib [Ceallaig] teac[h]t dochum Guairi [in]dus co nder[n]dais tech- tairecht tairisi eaturru ⁊ Ceallach. Cid trā acht 300 rāngadar na teachta sin co hairm a roibi Ceallach a

= car the
275 who
thru

alse-
hood

• Dinn

les. hēmed

nOilēn Edgair* ⁊ do beandaidset dō ⁊ sē ag dēnam a
t[h]rāth and ⁊ bendaigis Cellach dāib sin ⁊ adubradar
ris curab ara cheand tāngadar (987) ō Guaire
305 doc[h]um na fleidi mōiri do bī aigi fā c[h]omair ⁊ dā
agallaim go huaigneach.

‘Nī rach-sa dochum [a] f[h]leidi feasda,’ bar
Ceallach, ‘uair nī t[h]rēigcab-sa mo t[h]rātha ar
aba fleadō[i]l nō múirne dímaínigi in tsāegail
310 dimbuain.’ *frivolity*

‘Olc an c[h]omairli,’ bar na ceithri daltada
do bādar ag Ceallach, ‘⁊ is doirb do Guairi a c[h]rei-
dem do beith-siu a ndeagaignem dō.’

‘Mās ead,’ bar na teachta, ‘léig da daltada
315 leindi ⁊ bid buideach Guairi dīt ⁊ dohbērad leō chugad
gach comrāth ⁊ gach comairli deirid bias ag Guaire.’
secret

‘Nī bacaim dīb ⁊ nī f[h]uirāileam for[r]a,’ bar
Ceallach.

Gā ehloistecht sin ac[h]étōir do Mael C[h]rōin ⁊
320 don triúr cili do indsaigidar dochum an ethair ⁊ na
tehta ⁊ tugsad int eathar leō can c[h]lōd ō C[h]callach
⁊ rāngadar a[s] sein gan f[h]uarad gan airisem co
hairm a roibi Guaire i nDurlus.[†]
turning back
secret

Ferais Guaire fáilti riu co subach ⁊ roba maith
325 leis a teacht c[h]uigi ⁊ do freasdlad co friehnamach iad
do biud ⁊ do cōirgead teach n-ōla uaigneach ig
Guaire do dēnam fo[na]comair ⁊ rucad an deoch* is
ferr fofrith andsa baili c[h]ueu and dā hōl ⁊ ro cōirgead
dias da gach leith do Guaire dīb [⁊] do geallud go
330 maith do c[h]omadaib mōra [dōib] ⁊ tucad ferand
Tiri Hamalgaid uili dōib ⁊ na ceithri mnā āentuma do
t[h]agfaidis fēin isin c[h]uigead [con]a lōrdaithin bō ⁊
each. *Do naiscead dōib ar coraib na comada sin
⁊ Ceallach do marbad dōib ⁊ do f[h]āemsad-son
335 Ceallach do marbad do chind na comad sin ⁊ tucad
cloidmi ⁊ tuaga ⁊ airm uili dōib ⁊ do bādar and an

† (Durlus Ruade) identified as Dungorey near
Kinvara, Co. Galway

aidchi sin ⁊ do f[h]āemadar co hāentadach ar
 cétlongad Cellach do marbad ⁊ do gluaisedar
 rompu atā sin co Loch Con ⁊ do fhuaradar int cathar = *Stá*
 isan inad ar f[h]āgbadar fēin ē. Et rāneadar co 340
 hairm a roihi Ceallach ⁊ is amlaid ro baī ⁊ a s[h]altair
 'na f[h]iadnaisi ⁊ sē ag gabāil a s[h]alm ⁊ nīr labair
 riu-sum nó co tairrnig dō a s[h]alma do gabāil ⁊ ro
 dēch forra and sein.

‘Suigid, a ōga,’ ar Ceallach,* ‘do c[h]lāechlōbar* 345
 aignead ar ndul uaim-sea ⁊ dobeirim aithni foraib
 cor f[h]āemsabair mo marbad-sa do Guaire.’

Nīr s[h]ēnsad a beag ris.

‘Ole an c[h]omairle,’ bar eisin, ‘⁊ nā dēnaid itir
 bar n-aimleas nī bus mō ⁊ dogēbthai u[a]im-se féin 350 *2 Pl. Fut.*
 comada bus ferr nā sin .i. ar geall Guaire [dīb].’

Pl. Fut. ‘Nī dingneam itir,’ bar iad-san, ‘do c[h]omairli-
 siu, a C[h]eallaig, ⁊ nī fuidmis ar ndín a nĒrinn [ar
 Guaire di sin].’ *1 Pl. Fut.*

Cuma do bādar 'ga rád ⁊ do s[h]aideadar* 355
 a n-aīnfheacht ar Cellach ⁊ ro t[h]airngeadar leō
 doc[h]um an ethair hē ⁊ do c[h]uir-sean a thsaltair
 iter é ⁊ a inar ⁊ do cōirgead eisin ann sein a meadōn
 in cathair ⁊ dias dīb sin ina t[h]osach ⁊ rāneadar co
 port ⁊ rucad fo diblad in f[h]cada mōir ⁊ i ndiamair 360
 na cailli é.

‘Dar leam-sa,’ bar Cellach, ‘is ole darírib an
 c[h]omairle dochum a builti ⁊ dogēbt[h]ai bar ndín a 365 *2 Pl. Cond.*

Cluain meic Nōis co brāth ar Guaire ⁊ dāmad ferdi nō
more movement gairdi lib dul go Blāthmac ⁊ co Diarmaid .i. dā mac 365
 Aeda Slāine aga dā rīgi nĒrend ⁊ dorōine an laīd ann : *1 ? oca ta*

‘A ōga ro[m] uaimniges !

ole uabar ag rīg* nime ;

gid sāeb suidiugad* bar súl

is mesa rún bar craidi.

dismay, terrify.

criedi
 370

* ? saiglim, I make for, attack

‘Do f[h]āemsabair orum-sa
 cindead cruaid^{*} nach téit taithleach—^{for which there is no atonement.}
 bid fada díb a dimblad—^{disgrace}
 feall ⁊ fingal bus aithrech.

375 (988) ‘Cid sib nī sib creidim-si
 marbas misi—béim braidi—^{robbery; a}
 mō is loscad sin a n-iaráidh—^{stealthy blow}
 [acht] osnad Ciaráin m’oidi.

[broidi]
 ? in the
 abs. part
 of the

380 ‘Cid ole dam-sa in esgaine,
 nī s[h]eachnaim martra foram;
 bid [hī in] p[h]láid dūib-si ’s in beag
 in lām dearg d’imbirt foram.

constituted

385 ‘Atā agam-sa āirithi--
 nochon uil a mac samla—
 is dlúith re Críst mo c[h]aingean,
 bid neam na n-aingeal mh’adba.

cause

390 ‘Cindead eili agaib-si
 ma f[h]eall form—rēim nach cōra—
 bās do rind dobar fogbad
 iffenn urlām, a ōga! A.

vn. q. ad-baim, g
 strip, despoil

‘Bid dímaín duit comairli dúind feasda,’ bar iat-
 som,* ‘’man adbar sin ōir nī di[n]gneam ort hi.’

‘Mās ead,’ bar Ceallach,’ tabraid cairdi na haidchi
 anocht dam-sa gan mo marbad.’

395 ✓ ‘Dobēram imorro gid lease lind,’ ar iad-san.

Do t[h]ōgbadar na claidmi do bādar a folach
 fō n-ēdaigib and ⁊ do gab eagla mōr Cellach ’ca
 n-aigsin. Do s[h]ireadar an caill nó co fuaradar cuas
 mōr darach indti. Do bī āendorus cumang arin
 400 c[h]juas ⁊ do cuircad Cellach anunn isin cuas ⁊ do
 s[h]uideadar ban dorus ⁊ do bādar ic faire C[h]jellaig

asa haithli. Mar sin* dōib co tainig deiread aidchi
 7 co tainie mian codalta dōib gur thuit a tromchodlad
 forra ac[h]étōir. Nīr c[h]odail Cellach [itir] re
 hims[h]nīm 7 do baī ar comus dō ēlōd do dēnam 405
 ann sain dāmad āil leis. Et adubairt aigi fēin robad
 ole an creideam dō imgabāil ar toiethib Dé .i. d. h. *to cad*
 rī nime 7 talman [7] do shaīl co mbērtais [s]in fair *lection, part*
 dā ndernad-san* ēlōd uaithib uair robo s[h]ean[g]
 7 robo t[h]ruag meirtneach a haithli an C[h]orgais hē 410 *weak*
 7 do baī an maidean ann sin ie soillsiugud. Do druid-
 sean an dorus ann sein re heagla na maidni d'f[h]aigsin
 7 atc[h]id and sin rēdlanna soillsi tre mintollaib cile *Acc 12. 9*
 do bī 'san c[h]uas. *rēdlann*

'Is ole an creidem donīm,' ar sē, '[imgabāil
 brethi Dē 7 Ciarāin m'oti ar ngellad an bāis do
 thecht am c[h]end].'

Et ro f[h]oscail dorus an c[h]uasān ann sein 7 do
 goir in fiach 7 inn f[h]eannóg 7 in dreöllān 7 na heōin
 uili 7 tainig seirrf[h]iaēh ibair Cluana Eó 7 cū ruadh 420
 Droma meic Dáir in brégaire beag bis lāim re port in
 oilēin .i. an sindach.

'Et is fīr an aislingthi ade[h]onnare adaig cétaíne
 doc[h]uaid,' ar Cellach, '.i. coin allta dom rēbad,
 .i. ceithri coin allta, 7 mo breith [dōib] tresin raithnig 425
 7 mo thoitim a n-allt mōr 7 gan ċirgi dam as itir.'

Conad ann adbert an laīd :

'Is mo c[h]ean, a maidean bān,
 re techt ar lār m'aircaglān!
 is mo chen don tē rus faīd—
 an maidean buadach bithnaī.

['A [ingean drega] uaille,
 a s[h]iúr na gréine ghuaire!
 is mo c[h]en, a maiten bān,
 f[h]ollsiges ormm mo lebrān.]

cell, small oratory

430

? bioth-mua

bright

435

✕ 'It[ch]i aidcag each t[h]igi,
 s[h]oillsigeas tuath is fine ; *handsome, comely,*
 is mo chen, a m[u]ingcal mas, *goodly*
 againd [a] órc[h]ain*^x amnas. *x keen*

'Adeir rim mo leabar brec
 nach fuil mo s[h]ãegal ar cōir ;
 Mael Crōin is cōir dam a uaman,
 is ē ro mbuailend fria deōig.

'A fhendach !
 a ēnín bratglais* bendach !
 lēir dam ar clū do mana
 nārsad cara do C[h]ellach.

'A fhiaich donī an gragarnaig ! *showing, coming for, going,*
 Masad acuraig, a cōin,
 nā hēirig sunda don rāith
 co n-eathair do s[h]ãith dom f[h]eōil.

'Seirrfhiach [ibair] Cluana Eó—
 [f]reigēaraig co garb* an gleō ;
 béraid lān a ingen nglas—
 rim-sa nī ba mín scēras.

'In sindach fil 'sa* choill c[h]cīr—
 freigēaraig co luath in béim ;
 isaid ní* dom f[h]juil 'sdom f[h]cōil
 a crīchaib fuara aineōil.

'In cú ruad fuil isin ráith
 i n-oirt[h]ear Droma meic Dáir—
 tic chucum re hed n-uaire
 coma taiseach cāme[h]uaine.

'Ite[h]onarc[-sa] aislingid
 adaig cétaíne doc[h]uaid—
 coin allta 'com c[h]omt[h]arraing
 sair siar tresin raithnig ruaid.

(989) 'Ade[h]onnare ann aislingt[h]i—
mo breith [dōib] hi ngleand glas ;
[is] ceathrar [a]com breith ind, 470
dar lind nochó tucsad as.

'Ate[h]ondare[-sa] aislingthi—
mo daltā[i]n dom breith dā tig* ;
do dáilsetar* form[-sa] dig,
ocus atibsead orm dig. Perf. Plur. 3rd. 475

wren 'A dreōlāin gusin n-e[i]rr maíl !
is truag t[h]airrngireas tú an laíd ;
mās dō tānagais, dom brath,
dō t[h]arraing mo s[h]āegalrath.* 480

'Cad fa mbiad dam Mac Deōraid
d'f[h]eall orm-sa nā dom beōguin ? 480
is dā derbrāthair m'athair
ocus athair Meic Deōraid.

'Cid fa mbiad dam Mael Dā Lua*
do fheall form-sa—nība gua— a. 485
dā deirbs[h]iair mo māthair-sea
ocus māthair Maíl Dā Lua.*

'Cid ma mbiad dam Mael* Scenaig
do f[h]eall form isin* meba[i]l ?
dāig* is mac hē fir idhain, true clarity
Mael Senaig* mac Maíl Ibair. pure, honest 490

'A Maíl Chrōin !
do chindis gnīm nārbo chóir ;
ní léigfead mac Eōgain t'ég
ar fhichid cét d'uingib óir. 495

? 'A Maíl C[h]rōin !
is maith gabi 'gom bith[fh]eill ; > perf. it is that thou hast taken
da gabais* airchenn* sāega[i]l & contrary me (h. 5)
do gabais airchenn* ife[i]rn. * for the sake of (h. 5)
* end

500

‘Gach sēd maith dogcibind-si
is gach òigeach seang slemain—
do Māel Chrōin dobeirind-si
gonā dernad form meabail.

1st Infef.

505

‘Go n-abra in Fiada rium-sa,
Mac mōrMaire ōs mo chind-sa :
‘rod fia talam, rod fia neam,
duid, a C[h]ellaig, is mo chean’. Is mo chean.

Et ro gabad Ceallach acu-sum asin c[h]uasān amach
ar sin 7 do buail Mac Deōraid ar tús hé 7 do buail
510 Māel Dā Lua 7 do buail Māel* Seanaig 7 do buail
Māel Crōin fa deōid hē 7 do marbad ann sin ant espog
nāem .i. Ceallach 7 tångadar rompo a haith[le] a
n-oidi 7 a tigerna 7 a mbrāthar do marbad 7 rångadar
co hairin a roibi Guaire 7 ba fāilteach eisin friu
515 gencor chōir ant ēcht dorōnsad.

3 Pl. Perf.
ithim

Tångadar na fiaich 7 fendóga 7 mictīri 7 eathaidi
c[h]uigi 7 aduadar ní dā f[h]eōil mar do tairrngiread and.
Et gach cathaid aduaid a beg nō a mōr dā f[h]uil nó
dā f[h]eōil ro gab galar gach beathadach dīb 7 do
520 eibledar uili 7 nīr chaitheadar nī ‘na diaid sin riam.

4 Pl. Perf.
520

✓ Dāla Muireadaig meic Eōgain derbrāthar
C[h]eallaig rāinig an lā sin do f[h]is a brāthar mar
do t[h]ēigead co minic do c[h]omrād 7 do c[h]omairli
ris uair nī dēnad nī eile ‘sa bith acht ma c[h]omairli
525 C[h]ellaig ōir ba hē a oidi mūinti 7 a derbrāthair 7 a
athair sbiradālda hé. Tāinic co port na hindsi mar
da-jccad gach n-uairi 7 nī chualai comráth nā foscad
a nĒrinn isan ailēn. Do fuair ant eathar isin p[h]urt
7 doc[h]uaid 7 a muinte isin n-ailēn 7 fuaradar
530 falamh hē 7 tångadar amach arīs 7 tug Muireadach
aithni ō’dchualaid na clēirig ōga do dul co teach
Guaire gumad hē Cellach do huirāilead do marbad *
forra and 7 is sī sligi a rāinig co n-uigi an c[h]oingilt

echo.

* by gumad he was in the do marbad do huirāilead
fallow and ?

iter Loch Con ⁊ Loch Cuilind ⁊ do ēirig onchū neim-^{monster}
 neach do bī ar an e[h]oingilt dōib ⁊ ro marb nōnbar 535
 dia muindtir 'na f[h]iadnaisi fēin ⁊ do chāin a e[h]om-
 alta eisium ann sin .i. Conall mac Eachach ⁊ adubairt
 ris cor drochmac rīg do léig a muindtir do marbad
 [do p[h]ēist] 'na f[h]iaduaisi ⁊ dochuaid sin and sein
 d'iarraig na piasda ar onfais ⁊ ní fuair *itir* don *chét* 540
 f[h]echt hī ⁊ dochuaid in fecht tānaisti ⁊ nī fuair ⁊
 an tres fecht fuair slicht na piasta ⁊ ro len hī* asin
 [loch] annis ⁊ fuair 'na codlad hī ⁊ sī sāitheach ⁊ do
 s[h]āith an claidem trithi co talmain ⁊ ruc side*
 [a lēim] isin loch ⁊ a[n] claidem eisti ⁊ do lean-san 545
 hī ⁊ doronni comrac ria ⁊ do e[h]rēchtnaig sī co mōr
 hē ⁊ ro marb-san isi ⁊ ruc a ceann leis suas ar tīr
 dochum a e[h]omalta ⁊ adubairt a e[h]omalta fris (990):

'Is buadach an comrac dorin[n]is .i. cú na coin-
 geilti do marbad ⁊ bidh Cú C[h]oingealt t'ainm fēin 550
 feasta gēin rabais beó.' 247. *Pres. 247. ?*

Dā ēis sin tångadar amach doridisi ⁊ do fuaradar
 lorg an *chúigir* ar fud na caillead fásaigh ⁊ do
 lenadar co frichnamach hé ⁊ do fuaradar na lorga ^{clubs}
 marar fāgbad iad. 555

'Is fīr sin imorro,' ar Muirecadach, '⁊ mar* armaib
 tucad na lorga sa do marbad C[h]eallaig ō Guaire.
 Trécid* na lorga sa ⁊ lenaid dūind co maith slicht
 na feadnach sa.'

Ar sin dōib ar an lorg *nó* co fuaradar an cuas ⁊ 560
 fuaradar corp Ceallaig and ar n-ithi neith de dona
 piastaib. Do laig co mōr ar Muirecadach sin ⁊ dorōine
 an laid ann :

'Inmain^{is} cāch 'sa e[h]orpān so—^{x he will use nobody this is.}
 samlain rém ég ant ég so ; 565
 acht dar lium is lān dā fluil
 corpān Ceallaig meic Eōgain.

